# Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Treoir maidir leis na hImpleachtaí do na Ráitis Airgeadais Bliantúla agus an Tuarascáil Bhliantúil

Samhain 2017

# Clár Ábhair

**RÉAMHRÁ** .......... **3**

**1. RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH** .......... **5**

**1.1.** RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH - PRÍOMHCHEANGLAIS .......... 5
*Cuspóir agus Ábhar an Ráitis maidir le Rialú Inmheánach* .......... *5*
*Raon Freagrachta* .......... *5*
*Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh* .......... *6*
*Cumas chun Riosca a Láimhseáil*
*Creat Riosca agus Rialaithe* .......... *6*
*Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach* .......... *7*
*Soláthar* .......... *8*
*Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtúlacht* .......... *9*
*Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh* .......... *10*
**1.2.** RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH — RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ .......... 11
*Bord* .......... *11*
*Feidhmeannas* .......... *11*
*Iniúchadh Inmheánach* .......... *11*
*Coiste Iniúchóireachta agus Riosca* .......... *11*
**1.3.** SAMPLA DE RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH .......... 13
*Samplaí de Nochtuithe maidir le Lagaí Rialaithe Inmheánaigh sa Tréimhse Tuairiscithe* .......... *16*

**2. RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD** .......... **18**

**2.1** NOCHTUITHE BREISE I nDÁIL LE CONAS A FHEIDHMÍONN AN BORD .......... 18
*Rialachas* .......... *18*
*Freagrachtaí Boird* .......... *18*
*Struchtúr Boird* .......... *18*
*Sceideal Freastail, Táillí agus Costais* .......... *19*
*Mórathruithe ó thaobh Pearsanra* .......... *19*
**2.2** NOCHTUITHE BREISE I nDÁIL LE CATAGÓIRÍ ÁIRITHE CAITEACHAIS .......... 19
*Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe i gcás inar mó Sochair ná Tairseacha Sonraithe* .......... *19*
*Costais agus Socrúcháin Dlí* .......... *21*
*Costais Sainchomhairleoireachta*
*Costais Taistil agus Chothabhála — Intíre agus Idirnáisiúnta* .......... *22*
*Caiteachas ar Fháilteachas* .......... *22*
*Ráiteas faoi Chomhlíonadh* .......... *22*
**2.3** SAMPLA DE RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD .......... 23

**3. LUACH SAOTHAIR .......... 29**

**3.1 NOCHTUITHE BREISE A BHAINEANN LE LUACH SAOTHAIR** .......... 29

*Sochair Fostaithe* .......... *29*

*Sochair Fostaithe Comhiomlána* .......... *31*

*Íocaíochtaí/Sochair Foirceanta agus Téarfa* .......... *31*

*Sochair Fostaithe na Príomhfhoirne Bainistíochta* .......... *32*

*Luach Saothair agus Sochair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin* .......... *33*

*Luach na Sochar Scoir* .......... *33*

**3.2 SAMLPLA DE NÓTA LUACHA SAOTHAIR** .......... 34

## Réamhrá

In 2016, foilsíodh *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód") nuashonraithe agus tagann sé in ionad an Chóid Cleachtais a foilsíodh in 2009 ("Cód 2009").

Cuirtear an Cód i láthair mar shraith doiciméad, lena n-áirítear an Cód féin agus na doiciméid bhreise seo a leanas ina leagtar amach léargas níos mionsonraithe ar cheanglais an Chóid.

a. Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais
b. Cód don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
c. Luach Saothair agus Aoisliúntas, agus
d. Ceistneoir Meastóireachta um Fhéinmheasúnú Boird

Tá an Cód agus an treoir ghaolmhar ar fáil ar: http://govacc.per.gov.ie/governance-of-state-bodies/

Tá an Cód seo éifeachtach le haghaidh tréimhsí tuairiscithe airgeadais a thosaíonn ar an 1 Meán Fómhair 2016 nó ar dháta ina dhiaidh sin.

Tá an treoir[1] seo dírithe ar na ráitis airgeadais agus ar na ceanglais bhreise maidir le nochtadh agus soláthraítear treoir inti maidir le gach ceann de na ceanglais bhreise. Tugtar soiléiriú sa treoir maidir le sainmhíniú agus suíomh roinnt nochtuithe breise sna ráitis airgeadais bhliantúla agus sa tuarascáil bhliantúil.

I gcás go n-aithníonn úsáideoirí aon neamhréireacht fhollasach idir na ceanglais mar a mhionsonraítear sa Chód iad agus mar a mhionsonraítear anseo iad, is ag an treoir seo atá tosaíocht. Áirítear na codanna seo a leanas ann:

1. ***Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach*** – a thagann in ionad an Ráitis maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach roimhe sin.
2. ***Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird*** **–** Nochtuithe breise i ndáil le conas a fheidhmíonn an Bord, lena n-áirítear na cineálacha cinntí a bhíonn le déanamh ag an mBord agus na daoine a tharmligtear don bhainistíocht, agus nochtuithe maidir le catagóirí áirithe caiteachais lena n-áirítear miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe, costais agus socruithe dlí, costais taistil agus chothaithe, costais sainchomhairleoireachta, caiteachas ar fháilteachas, táillí Boird agus freastal na gcomhaltaí Boird.
3. ***Luach Saothair*** **–** Nochtuithe breise a bhaineann le sochair fostaithe le haghaidh na príomhfhoirne bainistíochta agus an POF.

Forbraítear an doiciméad seo chun treoir a sholáthar dóibh siúd go léir a bhfuil freagracht orthu maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla agus an tuarascáil bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear an Bord, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Fhoireann um Airgeadas Comhlíonadh agus Rialachas Corparáideach.

[1] Is í Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a d'fhorbair an treoir seo.

**Séanadh**

Tugtar treoir san ábhar asbhainte seo a leanas maidir le leagan amach agus ábhar na nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016).

Is samplaí teimpléid iad seo chun críocha léirithe amháin agus ní áirítear iontu na cásanna éagsúla ar fad a d'fhéadfadh a bheith ann agus na nochtuithe seo á n-ullmhú. Ba cheart do gach comhlacht Stáit na samplaí seo a athchóiriú **de réir mar is iomchuí dá gcás áirithe féin.** Go háirithe, más tá gá le faisnéis breise a thabhairt chun na nochtuithe a dhéanamh níos trédhearcaí agus/nó níos so-úsáidte, ba cheart na nochtuithe breise sin a dhéanamh.

# 1. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## 1.1. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach - Príomhcheanglais

Sonraítear in Alt 1.6 den Chód (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) gur cheart ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a bheith san áireamh i dtuarascáil an Chathaoirligh don Aire agus gur cheart an ráiteas seo a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta. Go stairiúil, níor tugadh sa ráiteas seo ach mionsonraí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Éilítear na rudaí seo a leanas a áireamh sa ráiteas freisin:

- Nochtuithe maidir le laigí as a dtáinig caillteanais ábhartha, teagmhais nó neamhchinnteachtaí, agus
- dearbhú gur comhlíonadh rialacha soláthair nó nochtadh maidir le himeacht ar bith ó na rialacha sin.

### *Cuspóir agus Ábhar an Ráitis maidir le Rialú Inmheánach*

Is ceanglas sainordaitheach é an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (RRI) trína leagann eintitis amach a bhfreagracht maidir le bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialachas corparáideach, chomh maith lena gcur chuige i leith na rudaí sin.

Cé go bhfuil formáid ar leith leagtha síos sa Chód maidir leis an RRI[3], tá sé tábhachtach go ndéantar an ráiteas a oiriúnú chun méid agus castacht na heagraíochta a léiriú ionas gur féidir tuiscint iomlán a thabhairt ar na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar.

Is é is cuspóir freisin don ráiteas béim a chur ar laigí sa chóras rialaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht le linn na tréimhse tuairiscithe.

### *Raon Freagrachta*

Tá Bord an chomhlachta Stáit freagrach as a chinntiú go gcuirtear córais éifeachtacha um rialú inmheánach i bhfeidhm sa chomhlacht Stáit lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta, agus bainistíocht riosca agus ba cheart don Bhord athbhreithniú a dheanamh ar na córais sin ar bhonn bliantúil.

Ba cheart don Bhord a chinntiú go bhfuil beartais iomchuí i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach, agus dearbhuithe a lorg ar bhonn rialta chun a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtach nó nach bhfuil. Aithnítear freagracht an Bhoird maidir le córas rialaithe inmheánaigh an chomhlachta Stáit sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach.

---

2 Cód Cleachtais 2.7

3 Is féidir teacht ar an bhformáid a leagtar síos don Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sa Chód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) Aguisín D.

4 Cód Cleachtais 7.3

### *Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh*

Leagtar amach sa chuid seo den Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach an cuspóir foriomlán a bhaineann le córas rialaithe inmheánaigh.

Mínítear sa RRI go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú seachas é a dhíothú. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnacha thabhairt, agus ní dearbhú iomlán, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

### *Cumas chun Riosca a Láimhseáil*

Tugtar tuairisc ann ar na bealaí a dhéantar an próiseas bainistíochta riosca a láimhseáil, na bealaí a thugtar na scileanna iomchuí don fhoireann chun riosca a bhainistiú agus na bealaí a bhfuil an eagraíocht tar éis í féin a chur in oiriúint do hathruithe i dtimpeallacht an riosca.

Ní mór tuairisc a bheith sa RRI maidir le:

- bainistíocht riosca foriomlán san eagraíocht e.g. an Coiste Bainistíochta Riosca nó an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca,
- an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí,
- an beartas bainistíochta riosca, agus
- daingniú na bainistíochta riosca trí bheartais agus oiliúint maidir le bainistíocht riosca a fhógairt.

### *Creat Riosca agus Rialaithe*

Tá rialú agus bainistíocht riosca nasctha go dlúth. Ba cheart don timpeallacht rialaithe dearbhú a thabhairt go mbainfidh an eagraíocht a cuspóirí amach le méid inghlactha de riosca iarmharach. Ba cheart go gcinnteoidh na córais a úsáidtear go ndéantar rioscaí a aithint, a anailísiú, agus a mheasúnú, agus go gcuirtear rialuithe i bhfeidhm chun rioscaí aitheanta a bhainistiú. Ba cheart go mbeadh monatóireacht leanúnach ina cuid den chóras chun a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí rialaithe ag feidhmiú go héifeachtach.

Leagtar amach ar leathanach 34 den Chód na nósanna imeachta rialaithe seo a leanas atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtaigh a sholáthar:

- próisis a úsáidtear chun rioscaí gnó a aithint agus a n-impleachtaí airgeadais a mheas,
- nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt leis na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le mór-rioscaí gnó - treoracha airgeadais, cleachtais tarmligin amhail teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus modhanna chun calaois a chosc agus a bhrath,
- na bearta arna nglacadh chun timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú (amhail freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir agus fianaise ar an bhfreagairt ar chlistí rialaithe),
- sonraí maidir leis na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, amhail buiséid agus modhanna chun torthaí iarbhír a chur i gcomparáid le buiséid le linn na bliana,
- Nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus
- athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

---

5 Is féidir teacht ar na ceanglais shonracha faoin gCód sa Chód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) Aguisín D.

Ba cheart go dtugtar forléargas ardleibhéil ar na gnéithe seo a leanas sa tuairisc ar an gcreat riosca agus rialaithe:

- Dearbhú go bhfuil straitéis bainistíochta riosca ag an eintiteas atá comhaontaithe agus sínithe ag leibhéal an Bhoird.
- Tuairisc ardleibhéil ar na córais atá i bhfeidhm maidir le riosca a aithint agus a mheas.
- Léiriú ar chineál agus minicíocht an tuairiscithe maidir le riosca agus rialú e.g. Tuairisciú maidir le bainistíocht riosca ar bhonn rialta ag leibhéil éagsúla laistigh den eagraíocht.
- Na príomhphróisis eagrúcháin maidir le riosca a rialú:
  - ❖ nósanna imeachta doiciméadaithe i leith na bpríomhphróisis ghnó uile,
  - ❖ rialaithe bainistíochta — freagrachtaí le cuntasacht chomhréire agus comhshocruithe tuairiscithe a shannadh,
  - ❖ faisnéis bainistíochta — córas buiséadaithe iomchuí agus athbhreithnithe déanta ar bhonn rialta ag an mbainistíocht sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus caighdeánacha ábhartha eile,
  - ❖ na córais atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht na gcóras TFC,
  - ❖ na córais atá i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
  - ❖ nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, chun rialú leordhóthanach a chinntiú i leith deontas a cheadú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear maoiniú deontais chun na críche a ceapadh dóibh.

### *Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach*

Cuirtear monatóireacht i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an creat rialaithe ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach. Is riachtanach go bhfuil creat i bhfeidhm chun dearbhú leanúnach agus iontaofa a chur ar fáil maidir le rioscaí a bhainistiú. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun laigí rialaithe a aithint agus déantar an bhainistíocht agus an Bord a chur ar an eolas faoi na laigí sin de réir mar is cuí. Féadfaidh tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca nó Iniúchadh Inmheánach nó athbhreithnithe arna ndéanamh ag an mbainistíocht, ag

Ba cheart go mbeadh faisnéis ó na trí mbeart cosanta seo a leanas ina cuid den mhonatóireacht leanúnach:

- ***An chéad bheart cosanta*** — faisnéis a thagann ó réimsí oibríochta gnó agus is féidir a úsáid chun dearbhú a fháil maidir le conas a dhéantar rioscaí a bhainistiú. Is féidir cláir riosca, tuarascálacha maidir le gnáthrialuithe córais, sonraí feidhmíochta agus faisnéis bainistíochta eile a áireamh anseo.

- ***An dara beart cosanta*** — obair a bhaineann le maoirsiú a dhéanamh ar ghníomhaíocht bainistíochta. D'fhéadfaí a áireamh san obair sin measúnachtaí nó athbhreithnithe ar chomhlíonadh chun a chinntiú go bhfuil comhshocruithe cáilíochta á gcomhlíonadh mar a bhfuiltear ag súil i réimsí sonracha riosca ar fud na heagraíochta e.g. soláthar, dearbhú faisnéise, srl.

- ***An tríú beart cosanta*** — dearbhú neamhspleách agus oibiachtúil. Dírítear anseo ar ról na hiniúchóireachta inmheánaí a dhéanann clár oibre a deartar go sonrach chun tuairim neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar maidir leis an gcreat rialachais, an creat bainistíochta riosca agus an creat rialaithe.

### *Soláthar*

Éilítear faoin gCód nochtadh sonrach maidir le comhlíonadh comhlachta Stáit le rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.[6]

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar na cúrsaí seo a leanas chun síniú go bhfuil rialacha comhlíonta á gcomhlíonadh a éascú.

Tá difear ann idir soláthar neamhiomaíoch agus soláthar neamhchomhlíontach.

- Cumhdaíonn soláthar neamhiomaíoch gach cás ina soláthraítear earraí nó seirbhísí gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist.
- Baineann soláthar neamhchomhlíontach le cásanna ina soláthraítear earraí nó seirbhísí gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist agus nach n-áirítear eisceachtaí a cheadaítear faoi na rialacha soláthair e.g. ceannacháin ó sholáthraí aonair, force majeur, conarthaí cothabhála atá ceangailte le conraitheoir ar leith, srl. Go ginearálta, níor cheart go dtarlaíonn sé seo ach amháin in imthosca teoranta.

Ba cheart go mbeadh beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe maidir le soláthar i bhfeidhm ag an mBord. Ba cheart go mbeadh na beartais agus nósanna imeachta sin i gcomhréir le rialacha soláthair an Rialtais arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus ag rialacha soláthair AE.

Ba cheart go mbeadh próiseas i bhfeidhm ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin. Féadfaidh a áireamh sa phróiseas sin obair na Iniúchóireachta Inmheánaí agus dearbhú ó bhainistíocht líne an chomhlachta Stáit go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm le linn na tréimhse á n-athbhreithniú.

Ba cheart go gcuirfí faoi bhráid an Bhoird sonraí na gcásanna inar thabhaigh an comhlacht Stáit caiteachas os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) le soláthraí amháin nuair nach raibh próiseas iomaíoch i gceist sna nósanna imeachta soláthair. De réir dhea-chleachtas na hearnála poiblí, ba cheart don Fheidhmeannas a leithéid de chaiteachas a thuairisciú don Bhord (ar bhonn bliantúil nó ar bhonn níos rialta fós i gcás eintitis mhóra na hearnála poiblí). Ba cheart go ndéanann an tuairisciú sin idirdhealú idir cásanna de sholáthar neamhiomaíoch lena mbaineann cúis bhailí agus soláthar neamhchomhlíontach, mar shampla, ina ndéantar conarthaí a iompú ar aghaidh ó bhliain go bliain gan próiseas iomaíoch a chur i bhfeidhm.

Ba cheart go nochtar sonraí caiteachais neamhchomhlíontach sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach, lena n-áirítear:

(a) na méideanna i gceist,

(b) na cúinsí as ar eascair an ceannachán neamhchomhlíontach, agus

(c) de réir mar is cuí, na bearta atá á nglacadh chun na sáruithe a choigeartú.

---

6 Is féidir teacht ar na ceanglais shonracha faoin gCód sa Chód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) Aguisín D.

### *Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtúlacht*

Is cuid riachtanach de fhreagrachtaí an Bhoird athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Éilítear faoin gCód go dtugtar sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sonraí i ndail le cathain a rinneadh an t-athbhreithniú ar éifeachtúlacht rialaithe, nó i gcás nach ndearnadh athbhreithniú mar sin, ráiteas nach ndearnadh é.[7]

Tugann an t-athbhreithniú bliantúil deis don Bhord measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe agus réimsí a aithint inar gá gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh; breithniú a dhéanamh ar cheachtanna foghlamtha; agus aon laigí rialuithe ábhartha a d'fhéadfadh sé gur gá iad a thuairisciú sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach a aithint.

Ba cheart don Bhord próiseas an athbhreithnithe bhliantúil a shainmhíniú chun tacú lena Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais.

Is ríthábhachtach an t-athbhreithniú bliantúil a chur i gcrích go tráthúil má tá sé lena chuspóirí a chomhlíonadh maidir le dearbhú a sholáthar i ndáil le rialuithe a chur i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Ba cheart an t-athbhreithniú bliantúil a dhéanamh gar do dheireadh na tréimhse atá faoi athbhreithniú nó chomh luath agus is féidir tar éis dheireadh na tréimhse sin, agus tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na tréimhse.

In athbhreithniú bliantúil an Bhoird, ba cheart go ndéanfaí breithniú ar na rudaí seo a leanas maidir leis an tréimhse tuairiscithe:

- Coiste Bainistíochta Riosca — tuarascálacha maidir le dearadh agus oibriú an chórais bainistíochta riosca.
- Bainistíocht/Foireann — torthaí ráitis urrúis arna gcur ar fail ag an mbainistíocht (féach tuilleadh plé maidir le dearbhuithe bainistíochta in Alt 1.2 thíos — Coiste Iniúchóireachta agus Riosca).
- Iniúchadh Inmheánach — athbhreithniú ar an gcumhdach iniúchóireachta agus torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha a rinneadh sa tréimhse.
- Iniúchadh Seachtrach — saincheisteanna a luadh i litir bainistíochta nó i gcomhfhreagras eile leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus/nó an comhlacht Stáit.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca — tuarascálacha maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha agus dul chun cinn maidir le moltaí ó iniúchtaí inmheánacha, iniúchtaí seachtracha nó athbhreithnithe eile a chur chun feidhme.

Ba cheart go mbeadh tátal san athbhreithniú maidir leis an méid a bhfuil na rialuithe leordhóthanach agus mar a bhí siad ag feidhmiú, agus ba cheart go ndéanfaí breithniú ann ar ghníomhaíochtaí a theastaíonn chun dul i ngleic leis na heasnaimh a sainaithníodh. Ba cheart go ndéanfaí breithniú san athbhreithniú freisin maidir le cibé is ceart nó nach ceart aon laigí sna nósanna imeachta rialuithe le linn na tréimhse tuairiscithe a nochtadh sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (féach thíos).

[7] Cód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) Aguisín D Alt 3 (i).

### *Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh*

Leagtar amach sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach na rialuithe atá i bhfeidhm chun na príomhrioscaí a bhainistiú. Más rud é nach raibh príomhrialuithe i bhfeidhm le linn cuid den tréimhse tuairiscithe, ba cheart é sin a nochtadh sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach.[8]

Maidir leis an mbliain faoi athbhreithniú:

- ba cheart athruithe ábhartha nó easnamh gné éigin den phróiseas bainistíochta riosca ar feadh tréimhse ábhartha a nochtadh, agus
- ba cheart eolas a nochtadh maidir le laigí ó thaobh rialaithe inmheánaigh de a bhí ina gcúis do chaillteanais ábhartha, teagmhais nó neamhchinnteachtaí.

Ba cheart go dtugtar tuairisc sa chuid seo maidir le bearta a glacadh nó atá beartaithe lena nglacadh chun dul i ngleic leis na laigí rialaithe, nó míniú maidir le cén fáth a mheastar nach bhfuil gá le gníomhaíocht.

Ba cheart go dtugtar uasdátú sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach, i ndáil le saincheisteanna, más ann dóibh, a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin lena n-áirítear uasdátú maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm chun córais rialaithe a ndearnadh tagairt dóibh i ráiteas na bliana roimhe sin.

Tar éis an athbhreithnithe bhliantúil maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh a dhéanamh, déanfaidh an Bord cinneadh maidir leis na laigí ó thaobh rialaithe inmheánaigh atá le nochtadh sa RRI, má táthar chun laige ar bith a nochtadh. Cé go mbaineann an t-ábhar a nochtar ar bhreithiúnas an Bhoird, féadfaidh na tástálacha seo a leanas laigí rialaithe suntasacha a léiriú:

- An bhféadfadh an tsaincheist tionchar ábhartha a imirt ar na ráitis airgeadais?
- An léiriú é an tsaincheist ar caiteachas mírialta? Áirítear leis seo measúnú i dtaobh cibé ar chaith an t-eintiteas na méideanna a caitheadh chun na críche a beartaíodh dóibh, nó cibé an gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoinar n-airbheartaíonn siad a bheith déanta.
- An dtugann an tsaincheist fadhbanna ó thaobh cuibhis le fios? Baineann cuibheas le caighdeáin iompair agus rialachas corparáideach. Baineann sé le cothroime agus ionracas lena n-áirítear brabús pearsanta ó ghnó poiblí a sheachaint; cur chuige cothrom agus baill foirne á gceapadh; iomaíocht oscailte agus conarthaí á ndámhachtain; agus ídiú agus caifeachas a sheachaint.
- An léiríonn an fhianaise nach raibh príomheilimint den chóras rialaithe, e.g. iniúchadh inmheánach, ag feidhmiú go héifeachtach sa tréimhse tuairiscithe?
- An measann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca/an t-iniúchadh inmheánach/an t-iniúchadh seachtrach gur saincheist shuntasach é?
- An bhféadfadh damáiste do chlú an chomhlachta teacht as an tsaincheist?

[8] Is féidir teacht ar na ceanglais shonracha faoin gCód sa Chód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) Aguisín D.

## 1.2. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach — Róil agus Freagrachtaí

### *Bord*

Mar a leagtar amach thuas, tá an Bord freagrach as córas maith rialaithe inmheánaigh a choinneáil, athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chóras sin agus an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach a ullmhú. Síníonn Cathaoirleach an Bhoird an ráiteas mar aitheantas ar an bhfreagracht sin.

Cé go dtacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach a athbhreithniú, ar deireadh is é an Bord a shíníonn an RRI agus ní féidir leis an mBord an fheidhm sin a tharmligean.

### *Feidhmeannas*

De ghnáth, ullmhaíonn an feidhmeannas an dréacht-Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach lena chur faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Chuige sin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe agus a mhéid atá sé tar éis feidhmiú le linn na tréimhse. Is minic a ullmhaíonn an bhainistíocht sinsearach ráitis dearbhaithe chun tacú leis an bpróiseas seo d'fhonn tacaíocht a thabhairt don athbhreithniú ar éifeachtúlacht. Leagtar amach sna ráitis dearbhaithe na socruithe rialachais, riosca agus rialaithe i ngach stiúrthóireacht/réimse gnó agus aon laige a sainaithníodh. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca mar aonad athbhreithniú agus ceistiú ar na ráitis dearbhaithe.

### *Iniúchadh Inmheánach*

Cuireann Iniúchadh Inmheánach measúnú oibiachtúil agus tuairim ar fáil maidir le hacmhainneacht agus éifeachtúlacht creat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe na heagraíochta.

### *Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Tá ról lárnach ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ó thaobh an Ráitis maidir le Rialú Inmheánach a ullmhú mar seo a leanas.

- ***Feidhmeannas*** — Déanann an CIR athbhreithniú ar ráitis urrúis ón mbainistíocht agus díríonn siad go speisialta ar thagairtí do rialuithe sonraithe nach raibh i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. De ghnáth, cuireann ceannasaithe rannóige/roinne na ráitis urrúis seo i gcrích, i bhfoirm doiciméid féinmheasúnaithe. Ba cheart go mbeadh na ráitis urrúis bunaithe ar an gclár riosca/creat rialachais. Ba cheart do gach bainisteoir dearbhú a thabhairt go raibh na rialuithe sonracha i bhfeidhm ina réimse féin le linn na tréimhse faoi athbhreithniú agus ba cheart dóibh a lua más rud é nach raibh rialú áirithe i bhfeidhm de réir mar a shonraítear le linn na tréimhse. Tá ról lárnach ag an CIR maidir le measúnú a dhéanamh ar na ráitis urrúis sin trí achoimre a dhéanamh ar na torthaí a thagann chun cinn agus laigí i bhfeidhmiú an chórais rialuithe a shainaithint agus na torthaí a thagann chun cinn a sheiceáil trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise eile atá ar fáil ón iniúchóireacht inmheánach nó ón iniúchóireacht sheachtrach. Mar shampla, déanfaidh an CIR torthaí a cheistiú i gcás go ndearbhaíonn ráitis urrúis go raibh rialuithe i bhfeidhm ach go ndéanann torthaí na hoibre iniúchóireachta inmheánaí nó torthaí na hiniúchóireachta seachtraí na torthaí sin a bhréagnú.

- ***Iniúchóireacht Inmheánach*** — Déanfaidh an CIR breithniú ar leorgacht na rudaí seo a leanas: na hacmhainní Iniúchóireachta Inmheánaí; an cumhdach iniúchóireachta; tuarascálacha ón Iniúchóireacht Inmheánach don tréimhse tuairiscithe; agus freagra na bainistíochta ar mholtaí na hIniúchóireachta Inmheánaí.
- ***Iniúchóireacht Sheachtrach*** – Pléifidh an CIR saincheisteanna a eascraíonn as iniúchadh na bliana reatha agus an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí roimhe sin a leagtar amach i litreacha bainistíochta le hiniúchóirí seachtracha.

Tugann an CIR tacaíocht don Bhord trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhaithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ionracas na ndearbhuithe sin. Cuireann an CIR comhairle ar an mBord freisin maidir le saincheisteanna rialaithe a d'fhéadfadh a mheas mar shaincheisteanna suntasacha agus mar sin, oiriúnach lena nochtadh sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach.

## 1.3. Sampla de Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

### Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach[9]

***Réimse Freagrachta***

Thar ceann [*Ainm an chomhlachta Stáit*], aithním freagracht an Bhoird maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

***Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh***

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú ar fad. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in [*Ainm an chomhlachta* Stáit] don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráitis airgeadais.

**Nó**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in [*Ainm an chomhlachta Stáit*] don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráitis airgeadais ach amháin i gcás na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh a leagtar amach thíos.

***Cumas chun Riosca a Láimhseáil***

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag [*Ainm an Chomhlachta Stáit]* ar a bhfuil beirt comhaltaí Boird agus triúir comhaltaí seachtracha ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu go léir agus duine amháin acu ina C(h)athaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 4 uaire in 2017.

Tá [*Ainm an Chomhlachta Stáit*] tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhunú a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a dhéanann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR a chomhlíonadh.

Tá an CIR tar éis beartas bainistíochta riosca a fhorbairt ina leagtar amach a acmhainn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an beartas eisithe don fhoireann go léir a mheastar a bheith ag obair laistigh de bheartas bainistíochta riosca [*Ainm an Chomhlachta Stáit]*, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí éiritheacha agus chun freagracht a ghlacadh maidir le rioscaí agus rialú laistigh dá réimsí oibre féin.

9 Is féidir teacht ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach faoin gCód sa Chód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) Aguisín D.

***Creat um Riosca agus Rialú***

Tá [*Ainm an chomhlachta Stáit]* tar éis córas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta príomha atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh [*Ainm an chomhlachta Stáit]* agus sainaithnítear iad, rinneadh measúnú orthu agus rinneadh iad a rangú de réir a dtábhacht. Déanann an CIR athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn [*cuir isteach tréimhse ama e.g. ráithe].* Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i leith na bpríomhphróisis ghnó uile,
- tá socruithe airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta, chomh maith le cuntasacht chomhréire,
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta,
- is ann do nósanna imeachta chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise a chinntiú,
- tá córais atá i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, chun rialú leordhóthanach a chinntiú i leith deontas a cheadú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe chun a chinntiú go n-úsáidtear maoiniú deontais chun na críche a ceapadh dóibh.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easpaí rialaithe a chur in iúl iad dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is iomchuí, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus próisis a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easpaí a shainaithnítear,
- táthar tar éis socruithe tuairiscithe a bhunú ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais,
- déanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil na dtuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus caighdeánacha ábhartha eile.

***Soláthar***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag *[Ainm an chomhlachta Stáit]* chun a chinntiú go gcloítear le rialacha agus nósanna imeachta reatha maidir le soláthar agus gur chloígh *[Ainm an chomhlachta Stáit]* leis na nósanna imeachta sin le linn 2017.

**Nó**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag [Ainm an chomhlachta Stáit] chun a chinntiú go gcloítear le rialacha agus nósanna imeachta reatha maidir le soláthar. Cuirtear béim ar rudaí a bhaineann le rialuithe maidir le soláthar thíos faoin teideal 'Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach'.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag [*Ainm an chomhlachta Stáit]* chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialaithe. Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú [*Ainm an chomhlachta Stáit]* ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus obair na bainistíochta sinsearaí laistigh de [*Ainm an chomhlachta Stáit]* atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017.

***Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach***

Níor sainaithníodh aon fhadhbanna maidir le rialú inmheánach i leith na bliana 2017 is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais leo.

**Nó**

I gcás go sainaithníodh laigí ó thaobh rialaithe inmheánaigh ba cheart tuairisc a thabhairt maidir le bearta a glacadh nó atá beartaithe lena nglacadh chun dul i ngleic leis na laigí rialaithe, nó míniú maidir le cén fáth a mheastar nach bhfuil gá le gníomhaíocht. Leagtar amach samplaí anseo thíos.

## *Samplaí de Nochtuithe maidir le Lagaí Rialaithe Inmheánaigh sa Tréimhse Tuairiscithe*

Tá sé tábhachtach a lua nach bhfuil anseo ach samplaí de sháruithe ar cheart d'eintitis a nochtadh

Ní treoir é maidir leis an ábhar is ceart a nochtadh faoi cheannteidil éagsúla. Is faoin mBord atá sé an cinneadh sin a dhéanamh ar deireadh.

**Soláthar Neamhchomhlíontach**

Le linn 2017, tabhaíodh caiteachas €300,000 maidir le hearraí agus seirbhísí i gcásanna nach ndearna na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm na treoirlínte soláthair a chomhlíonadh. Tharla sé sin toisc gur iompaigh conradh a bhí ann cheana ar aghaidh go dtí go mbeadh tairiscint nua curtha i gcrích. Cuireadh an tairiscint nua sin i gcrích i mí Mheán Fómhair 2017.

**Laigí i Rialú ar Dheontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha**

Aithnítear roinnt saincheisteanna maidir le rialú [*Ainm an chomhlachta Stáit]* ar *dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, lena n-áirítear:*

- moilleanna ar roinnt Comhaontuithe Seirbhíse a shíniú, agus
- nósanna imeachta sonracha lena n-áirítear neamhchomhlíonadh faisnéise feidhmíochta agus airgeadais atá curtha isteach ag an ngníomhaireacht atá ag fáil an maoinithe.

In 2018, tá sé beartaithe ag [*Ainm an chomhlachta Stáit*] [*na rudaí seo a leanas a dhéanamh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn*].

**Laigí i Rialú ar Shócmhainní Seasta**

Aithnítear i dtuarascáil ar iniúchadh inmheánach ar an [dáta] roinnt laigí ó thaobh rialaithe ar shócmhainní seasta agus tá roinnt moltaí déanta sa tuarascáil sin. Moltar spotseiceálacha córasacha agus neamhspleácha ar shócmhainní seasta agus córas foirmiúil a thabhairt isteach chun suíomh sócmhainní a rianú go tapa agus go furasta.

In 2017, rinne *[Ainm an chomhlachta Stáit]* a shócmhainní a réiteach le fardal fisiceach. Aithnítear leis sin nach féidir roinnt sócmhainní a lonnú go fisiciúil. Dá réir sin, mar a tuairiscíodh in [*Nóta X*] a ghabhann leis na ráitis airgeadais, tá coigeartú €x déanta ar na sócmhainní seasta chun an laghdú ar luachanna na sócmhainní a léiriú.

Tá moltaí uile an iniúchta inmheánaigh curtha i bhfeidhm anois maidir le slándáil fhisiceach sócmhainní.

**Mírialtacht i Scéim Deontais**

Le linn 2017, d'aithin *[Ainm an chomhlachta Stáit]* roinnt mírialtachtaí a bhain le *[ainm na scéime deontais]*. Chuir bainistíocht [*ainm an chomhlachta Stáit*] an Bord, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, na Gardaí agus an Roinn ar an eolas. Tá imscrúdú fós ar siúl ag an nGarda Síochána agus tá litreacha éilimh ag lorg aisíocaíochta eisithe ag comhairleoirí dlí [*ainm an chomhlachta Stáit*].

Amhail ar an 30 Márta 2018, is é €524,000 an méid iomlán atá faoi imscrúdú (féach *[Nóta X]* a ghabhann leis na ráitis airgeadais).

Rinne an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú forleathan ar [ainm na scéime deontais] as ar lean roinnt moltaí. Eisíodh tuarascáil an iniúchta i mí Feabhra 2018. Tá na moltaí a rinneadh curtha i bhfeidhm anois nó tá siad á gcur i bhfeidhm.

**Comhlíonadh Cánach**

Cuireadh féin-athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíonadh cánach i gcrích in 2017 le cabhair speisialaithe seachtrach maidir le cúrsaí cánach. Leagtar amach sonraí na gearríocaíochta cánach a aithníodh le linn chúrsa an fhéin-athbhreithnithe mar nochtadh saorálach neamhspreagtha a cuireadh faoi bhráid na gComisinéirí Ioncaim (ús agus pionóis san áireamh) i mí na Nollag 2017. Ba é €450,000 an méid iomlán a íocadh.

Tá [*ainm an chomhlachta Stáit*] tar éis na bearta seo a leanas a ghlacadh chun dul i ngleic le réimsí neamh-chomhlíonta arna n-aithint le linn an fhéin-athbhreithnithe.

1. I gcás gur aithníodh rioscaí comhlíonta, táthar tar éis rialuithe i scríbhinn a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim i ndiaidh taiscthí foirmiúla a fháil ó [Ainm an chomhlachta Stáit].

2. Reáchtáiltear cruinnithe sceidealaithe leis na Coimisinéirí Ioncam mar chuid de chlár comhlíonta comhoibrithe.

3. Táthar tar éis beartas cánach foirmiúil a fhorbairt do [Ainm an chomhlachta Stáit] a chuimsíonn na beartas, nósanna imeachta agus nótaí treorach uile maidir le cáin. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann phróiseála airgeadais in 2017.

Tá [Ainm an chomhlachta Stáit] tiomanta i gcónaí do na dlíthe cánach a chomhlíonadh.

# 2. Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## 2.1 Nochtuithe Breise i ndáil le Conas a Fheidhmíonn an Bord

Tá an Bord freagrach as rialachas agus treorú straitéiseach comhlachta Stáit. Is é an feidhmeannas, faoi threoir an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), a chuireann an straitéis chun feidhme agus a dhéanann na cinntí ó lá go lá. Cé gur féidir leis an POF comhairle a chur ar an mBord maidir le cur chuige áirithe a ghlacadh i ndáil leis an chomhlachta Stáit, is é an Bord atá freagrach as na cinntí straitéiseacha a dhéanamh. Ní féidir leis an mBord freagracht a tharmligean i ndáil le roinnt cúrsaí. Cé go leagtar amach liosta de na cúrsaí sin in Alt 1.7 den Chód, ní liosta uileghabhálach é.

Éilítear faoi Alt 4.7 den Chód go gcuireann comhlachtaí Stáit ráiteas ar fáil i ndáil le conas a fheidhmíonn an Bord, chomh maith le ráiteas ardleibhéil maidir leis na cineálacha cinntí a tharmligtear don Fheidhmeannas.

### *Rialachas*

Leagtar amach sa Ráiteas seo an bonn ar a bunaíodh an comhlacht Stáit agus an Bord. Éilítear faoi Alt 1.3 den Chód (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) ráiteas ardleibhéil i ndáil le conas a fheidhmíonn an Bord, na cineálacha cinntí a fhorchoimeádtar don Bhord, iad siúd a tharmligtear don Fheidhmeannas agus an sásra tuairiscithe idir an Bord agus an Feidhmeannas.

### *Freagrachtaí Boird*

Roimhe sin, ba ráiteas ar leith sínithe ag an gCathaoirleach agus an POF é an ráiteas maidir le freagrachtaí na gcomhaltaí Boird. Táthar tar éis an ráiteas seo a chur san áireamh anois sa Ráiteas Rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus tá leathnú déanta air chun tagairt a dhéanamh do mhíreanna ar an mbuanchlár ag cruinnithe Boird. Tugtar sampla de na míreanna seo in Alt 2.3 sa doiciméad seo. Ní liosta uileghabhálach é seo, áfach, agus ba cheart é a oiriúnú chun staid comhlachtaí stáit ar leith a léiriú.

### *Struchtúr Boird*

Leagtar amach sa chuid seo forléargas ar an mBord, sonraí na gcomhaltaí agus dáta a gceapachán, agus líon na gcruinnithe a bhí ann le linn na bliana. Tá struchtúr agus freagrachtaí coistí bunaithe ina chuid den doiciméad seo freisin.

I gcás go bhfuil an Bord tar éis athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Bhoird, mar a éilítear in Alt 4.6 den Chód, ba cheart é sin a nochtadh.

### *Sceideal Freastail, Táillí agus Costais*

Tugann an sceideal freastail forléargas do léitheoirí na tuarascála bliantúla ar rannpháirtíocht na gcomhaltaí Boird le linn na tréimhse tuairiscithe.[10] Ba cheart go gcuirtear béim sa ráiteas seo ar na comhaltaí sin a ndeachaigh an prionsabal 'duine amháin tuarastal amháin' i bhfeidhm orthu. Ba cheart go n-áirítear sa chaiteachas a nochtar na méideanna a íoctar díreach do chomhaltaí Boird, chomh maith le méideanna a íocann an comhlacht Stáit thar a gceann.

### *Mórathruithe ó thaobh Pearsanra*

Leagtar béim sa ráiteas seo ar na mórathruithe, más ann dóibh, a chuaigh i bhfeidhm ar an mBord agus ar an bhFeidhmeannas le linn na bliana airgeadais.

## 2.2 Nochtuithe Breise i ndáil le Catagóirí Áirithe Caiteachais

Leagtar amach in Alt 1.3 den Chód (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) na nochtuithe breise i ndáil le caiteachas áirithe. Tugtar sampla léiritheach de na nochtuithe seo in Alt 2.3 den doiciméad seo sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird samplach.

Mionsonraítear na catagóirí caiteachais anseo thíos. Ba cheart den Bhord a chinntiú go bhfuil modheolaíocht láidir i bhfeidhm chun an fhaisnéis is gá a asbhaint as a dtaifid chuntasaíochta lena nochtadh. Féadfaidh go mbeidh gá le hathruithe a dhéanamh ar chairt cuntais an chomhlachta Stáit.

### *Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe i gcás inar mó na Sochair ná Tairseacha Sonraithe*

Éilítear faoin gCód go gcuireann comhlachtaí Stáit faisnéis ar fáil i ndáil le socair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí arna soláthar le linn na tréimhse tuairiscithe i gcás go bhfuil na sochair sin os cionn tairseacha mar seo a leanas:

- Comhlachtaí tráchtála Stáit - ba cheart sonraí a thabhairt i mbandaí €25,000 os cionn an tairsigh €50,000.
- Comhlachtaí neamhthráchtála Stáit - ba cheart sonraí a thabhairt i mbandaí €10,000 os cionn an tairsigh €60,000.

Chun críocha an nochta seo, áirítear leis na sochair ghearrthéarma fostaithe tuarastal; ragobair; liúntais agus íocaíochtaí eile a ndearnadh thar ceann na bhfostaithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra. Ba cheart an nochtadh a bhunú ar:

- sochair ghearrthéarma sa tréimhse airgeadais (gan ÁSPC an fhostóra a áireamh), agus
- líon na mball foirne a thiteann laistigh de bhanda ábhartha (seachas na huimhreacha coibhéise lánaimseartha) sa tréimhse tuairiscithe.

[10] Éilithe faoin gCód Cleachtais 4.9.

I gcomhréir le Ciorclán 13/2014 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontas ó Chistí Státchiste,* ba cheart an fhaisnéis seo a chur i láthair sa nóta luach saothair sna ráitis airgeadais. I gcás eintiteas nach gcumhdaítear faoi cheanglais Ciorclán 13/2014, is féidir an fhaisnéis seo a chur i láthair sa ráiteas Rialachais.

**Sampla:** Leagtar amach thíos sonraí sampla fostaithe i gcomhlacht Stáit sna blianta 2016 agus 2017.

| Ball Foirne | Stádas | Tuarastal (de réir Conartha) | Sochair ghearrthéarma fostaithe) 2017 | Sochair ghearrthéarma fostaithe) 2016 |
|---|---|---|---|---|
| A | Tosaitheoir (1 Iúil 2017) – lánaimseartha | 94,000 | 47,000 | - |
| B | Buan - leatham | 62,000 | 31,000 | 31,000 |
| C | Buan - lánaimseartha | 64,000 | 64,000 | 64,000 |
| D | Tosaitheoir (30 Aibreán 2017) – lánaimseartha | 126,000 | 42,000 | 126,000 |

Is é seo a leanas mar a bheadh an nochtadh riachtanach maidir le banda (i gcás comhlachta Stáit neamhthráchtála):

| Sochair ghearrthéarma fostaithe € | 2017 Líon an bhFostaithe sa Banda | 2016 Líon an bhFostaithe sa Banda |
|---|---|---|
| 60,000 - 69,999 | 1 | 1 |
| 70,000 - 79,999 | - | - |
| 80,000 - 89,999 | - | - |
| 90,000 - 99,999 | - | - |
| 100,000, 109,999 | - | - |
| 110,000 - 119,999 | - | - |
| 120,000 - 129,999 | - | 1 |

### *Costais agus Socrúcháin Dlí*

I gcás inar mó iomlán na gcostas agus socrúchán dlí a aithnítear mar chaiteachas i dtréimhse tuairiscithe ná €50,000, ba cheart na méideanna sin a nochtadh. Ní áirítear leis seo costais a íocadh le gnólachtaí dlí le haghaidh comhairle dlí ginearálta — nochtar na costais sin faoi chostais sainchomhairleoireachta (féach thíos).

Áirítear ann costais dlí a thabhaigh comhlacht Stáit maidir le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an gcomhlacht Stáit féin nó imeachtaí dlí ina choinne agus ba cheart go n-áirítear sonraí ann maidir leis na rudaí seo a leanas:

- costais dlí uile a thabhaigh an comhlacht Stáit (gan comhairle dlí ginearálta a áirítear faoi chostais sainchomhairleoireachta a áireamh),
- costais dlí contrapháirtí íoctha ag an gcomhlacht Stáit, agus
- socrúcháin íoctha ag an gcomhlacht Stáit.

Ba cheart go dtabharfaí sa tuairisc léiriú éigin maidir le líon na gcásanna i gceist.

I gcásanna áirithe, déantar foráil i bpolasaí árachais an chomhlachta Stáit le haghaidh cuid de na costais agus socrúcháin dlí a tabhaíodh, nó iad uile, a aisíoc nó a íoc. Sna cásanna sin, ba cheart go nochtar sa nochtadh glanchostas na gcásanna sin don chomhlacht Stáit e.g. na glanfháltais ón árachais. Ba cheart go léireodh an nochtadh gur íoc cuideachta árachais an chomhlachta Stáit na costais dlí agus socrúcháin breise.

I gcás go bhfuil caiteachas i ndáil le híocaíochtaí comhréitigh agus eadrána, ba cheart iad sin a nochtadh leo féin.

Chomh maith leis sin, i gcás go bhfuil comhlacht Stáit tar éis costais dlí a thabhú i ndáil le cúrsaí a bhaineann le himeachtaí i gcoinne comhlachta eile Stáit, ba cheart go n-áirítear sa nochtadh sin leibhéal an chaiteachais a tabhaíodh sa bhliain (i gcás inar mó é ná €25,000) chomh maith le sonraí an chomhlachta Stáit i gceist.

### *Costais Sainchomhairleoireachta*

Is éard atá i gceist le sainchomhairleoireacht ná nuair a fhostaítear duine, eagraíocht nó grúpa chun seirbhísí intleachtúla nó eolasbhunaithe (e.g. anailís agus comhairle sainiúil) trí tuarascálacha, staidéir, measúnachtaí, moltaí, tograí, srl. a sholáthar a chuireann le cinnteoireacht nó ceapadh beartais in údarás conarthach. Ba cheart go mbeadh líon ama teoranta i gceist leis an bhfostú sin chun cúram nó sraith cúraimí críochta sonracha a chur i gcrích, cúraimí lena mbaineann scileanna nó cumais shainiúla nach gceaptar a bheith ag an údarás conarthach de ghnáth.[11]

Is éard atá i gceist leis an nochtadh seo ná léiriú a thabhairt ar leibhéal na sainchomhairleoireachta a thabhaigh an comhlacht Stáit le linn na bliana airgeadais. Níl sé i gceist caiteachas ar phróisis sheachfhoinsithe faoi 'gnó mar is gnách' a áireamh leis. Leagtar amach sa Chód catagóirí molta don nochtadh seo, ach ba cheart é sin a oiriúnú de réir riachtanais an chomhlachta Stáit. Moltar na catagóirí seo a leanas mar chatagóirí féideartha:

---

[11] Asbhainte as na "Treoirlínte maidir le Sainchomhairleoirí agus Tacaíocht Sheachtrach Eile a Fhostú sa Státseirbhís" arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, 2006.

| Catagóir | Samplaí de na cineálacha caiteachais a áirítear |
|---|---|
| Caiteachas Dlí | comhairle dlí ginearálta (mar shampla, maidir le tionchar an Rialacháin um Shonraí Ginearálta a Chosaint ar an gcomhlacht) |
| | ... |
| | ... |
| Caiteachas Airgeadais | ní áirítear costas an iniúchta sheachtraigh, ós rud é go nochtar é sin sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, ach áirítear ann, mar shampla, comhairle proifisiúnta a fuarthas maidir le athruithe ar chreat tuairiscithe airgeadais |
| PR/ margaíocht | fógraíocht agus brandáil |
| Acmhainní Daonna agus pinsin | comhairle maidir le scéim phinsin a athstruchtúrú |
| Feabhsúchán Gnó | comhairle a fuarthas i ndáil le bainistíocht athruithe |
| Eile | catagóir uileghabhálach le haghaidh catagóirí sainchomhairleoireachta eile |

I gcás go bhfuil caipitliú déanta ar chuid de na costais sainchomhairleoireachta (mar shampla forbairt TFC), ba cheart go leagtar béim sa nochtadh seo ar an deighilt idir méideanna caipitilithe agus méideanna a áirítear mar chaiteachas reatha.

### *Costais Taistil agus Chothabhála — Intíre agus Idirnáisiúnta*

Ba cheart líon iomlán an chaiteachais taistil agus cothabhála a tabhaíodh a nochtadh agus é roinnte idir caiteachas intíre agus caiteachas idirnáisiúnta. Ba cheart go n-áirítear anseo méideanna a íoctar go díreach le baill foirne agus íocaíochta a rinne an comhlacht Stáit i ndáil le costais taistil agus cothabhála an fhostaí/comhalta Boird[12].

### *Caiteachas ar Fháilteachas*

Cuimsítear réimse leathan caiteachais faoi chaiteachas ar fáilteachas agus seans gur glaodh caiteachas siamsaíochta air roimhe sin. Is caiteachas coimhdeach é seo nach bhfuil riachtanach chun feidhmeanna an Stáit a chomhlíonadh. I gcleachtas, baineann an caiteachas seo le nithe nach mbaineann feidhm shoiléir leo agus áirítear leo (gan a bheith teoranta dóibh) cóisirí Nollag agus cóisirí scoir, ranníocaíochtaí do chlubanna spóirt agus sóisialta, bronntanais nó dearbháin bronntanais le haghaidh ball foirne, srl. Áirítear leo freisin caiteachas a tabhaíodh maidir le fáilteachas cliant. Ba cheart an caiteachas seo a chatagóiriú mar fháilteachas inmheánach a cuireadh ar fáil do bhaill foirne nó fáilteachas seachtrach a cuireadh ar fáil do chliaint/tríú páirtithe (féach an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird samplach in Alt 2.3 den doiciméad seo).

### *Ráiteas faoi Chomhlíonadh*

Áirítear sa Chód foráil ar a dtugtar 'géill nó mínigh'. Foráiltear ann gur féidir le comhlacht Stáit maolú a fháil (óna mháthair-Roinn) maidir le forálacha sonracha den Chód. Ceanglaítear ar chomhlachtaí Stáit a dhearbhú dá nAire iomchuí go bhfuil an Cód á chomhlíonadh acu. Ba cheart go gcuirtear faisnéis ar fáil sa ráiteas Rialachais maidir leis an méid ar chloígh an comhlacht Stáit le ceanglais an Chóid nó réimsí neamhchomhlíonta a mhíniú.

12 Nochtfar ar bhonn leithligh costais taistil agus cothabhála na gcomhaltaí Boird faoi tháillí agus costais an

Bhoird (féach an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird samplach in Alt 2.3 den doiciméad seo).

## 2.3 Sampla de Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

#### Rialachas

Bunaíodh Bord [*Ainm an chomhlachta Stáit]* faoi *[an reachtaíocht iomchuí faoinar bunaíodh an comhlacht Stáit].* Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt [uimhir an ailt] an Achta seo. Tá an Bord cuntasach don Aire [Ainm na Roinne Rialtais] agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, agus déanann sé an obair sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na mórshaincheisteanna gnó uile. Is é/í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as [*Ainm an chomhlachta Stáit]* a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don POF agus an fhoireann ardbhainistíochta an treorú straitéiseach leathan arna leagan amach ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach is dócha a eascróidh.[13] Is idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht [*Ainm an chomhlachta Stáit*] é an POF.

#### Freagrachtaí Boird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach in [*Ainm an Doiciméid/na nDoiciméad],* ina leagtar amach freisin nithe *a* fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ón mBord. I measc na nithe seasta a ndéanann an Bord breithniú orthu, tá:

- dearbhú leasa,
- tuarascálacha ó na coistí
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- cúrsaí forchoimeádta.

Ceanglaítear le hAlt [*uimhir an ailt*] den [*reachtaíocht iomchuí faoinar bunaíodh an comhlacht Stáit*] ar Bhord [*Ainm an chomhlachta Stáit]* na cuntais agus taifid go léir is cuí agus is gnách a choinneáil maidir le hairgead a gheobhaidh nó a chaithfidh sé, i cibé foirm atá ceadaithe ag Aire *[na Roinne iomchuí*] le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord [*Ainm an chomhlachta Stáit]* na nithe a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha arna nochtadh agus mínithe sna ráitis airgeadais.

---

13 Cód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) 1.3 – ní mór go n-áirítear sna ráitis airgeadais ráiteas i ndáil le conas a fheidhmíonn an Bord, lena n-áirítear na cineálacha cinntí atá le déanamh ag an mBord agus atá le tarmligean don bhainistíocht.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir le [hAlt X] de [*reachtaíocht iomchuí faoinar bunaíodh an comhlacht Stáit].*

Tá an Bord freagrach as faisnéis chorparáideach agus airgeadais a chothabháil ar shuíomh gréasáin [*Ainm an chomhlachta Stáit]* agus í a chinntiú mar fhaisnéis iontaofa.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht [*Ainm an chomhlachta Stáit]* trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil a rinneadh ar an [dáta].14

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Bord den tuairim go dtugann ráitis airgeadais [Ainm an chomhlachta Stáit] léargas fírinneach agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais [Ainm an chomhlachta Stáit] amhail an 31 Nollaig 2017.

**Struchtúr an Bhoird**

Tá ar an mBord Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhalta, gach duine acu ceaptha ag Aire [*Ainm na Roinne Rialtais*]. Ceapadh na comhaltaí Boird ar feadh tréimhse ceithre bliana agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Leagtar amach sa tábla thíos tréimhse ceapacháin na gcomhalta reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Joe Bloggs | Cathaoirleach | 1 Aibreán 2015 |
| Máire Ní Mhurchú | Leas-Chathaoirleach | 30 Meitheamh 2016 |
| Seán Ó Sé | Gnáthchomhalta | 30 Meitheamh 2016 |
| Síle Ní Chróinín | Gnáthchomhalta | 29 Meán Fómhair 2017 |
| Michael Dolem | Gnáthchomhalta | 29 Meán Fómhair 2017 |
| Donna Walsh | Gnáthchomhalta | 29 Meán Fómhair 2017 |

Chuir an Bord tús le hAthbhreithniú ar Éifeachtúlacht agus Meastóireacht an Bhoird i [*Mí, Bliain*] agus cuirfear deireadh leis i [*Mí, Bliain*].[15]

14 Cód Cleachtais 1.19 – I gcás gach comhlachta Stáit, ba cheart go mbeadh timthriall pleanála agus buiséid bhliantúil i bhfeidhm chun tacú leis an mbainistíocht chun an straitéis a chur chun feidhme. Ba cheart do Bhord gach comhlachta Stáit plean agus/nó buiséad bliantúil a cheadú agus measúnú a dhéanamh go foirmiúil ar fheidhmíocht iarmhír trí thagairt a dhéanamh don phlean agus/buiséad ar bhonn bliantúil.

15 Cód Cleachtais 4.6 – ba cheart go ndéanfadh an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí. Ba cheart measúnú seachtrach i gcomhréir le méid agus riachtanais an chomhlachta Stáit a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad.

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

1. **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**[16]: ina bhfuil triúir comhaltaí Boird agus comhalta amháin neamhspleách. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i ndail le riosca, rialú agus rialachas agus árachas gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cintíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

   Is iad seo a leanas baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: [*Ainm1*] (Cathaoirleach), [*Ainm2], [Ainm3] agus [Ainm 4].* Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 8 n-uaire in 2017.

2. **Coiste Forbartha Eagraíochta**: ina bhfuil triúir comhaltaí Boird. Seo iad baill an choiste seo: [Ainm1] (Cathaoirleach), [Ainm2] agus [Ainm3]. Tháinig an Coiste Forbartha Eagraíochta le chéile 3 uaire in 2017.

3. **Coiste Rialachais**: ina bhfuil beirt chomhaltaí Boird. Is é an ról atá ag an gCoiste Rialachais ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir le ceanglais dlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, chomh maith le glacadh leis an dea-chleachtas. Seo iad baill an choiste seo: [Ainm1] (Cathaoirleach), [Ainm2]  Tháinig an Coiste Rialachais le chéile 2 uaire in 2017.

**Sceideal Freastail, Táillí agus Costais**

Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ag na cruinnithe Boird le linn 2017 agus cuirtear na táillí agus costais a fuair gach comhalta san áireamh ann.

| | **Bord** | **Coiste Iniúch-óireachta & Riosca** | **Coiste Forbartha Eagraíochta Coistí** | **Coiste Rialachais** | **Táillí 2017 €** | **Costais 2017 €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithe | 12 | 8 | 3 | 2 | | |
| Joe Bloggs | 12 | | 1 | | 20,000 | 2,000 |
| Máire Ní Mhurchú | 12 | 8 | | | 8,400 | 733 |
| Seán Ó Sé | 10 | 7 | | 2 | 8,400 | 979 |
| Lola Perry | 9 | | | | 6,300 | - |
| Emma Nicholson | 9 | | | | 4,900 | - |
| Keira Gray | 9 | | | | 1,400 | - |
| Síle Ní Chróinín | 3 | | 3 | | 2,100 | 488 |
| Michael Dolem | 3 | 3 | | 2 | 2,100 | 1,019 |
| Donna Walsh | 3 | | 3 | | - | 1,107 |
| Tracy Murphy | - | 8 | | | 8,400 | 308 |
| | | | | | **62,000** | **6,634** |

Bhí stiúrthóir amháin i gceist, Donna Walsh, nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin'.

16 Cód Cleachtais 7.2 – Caithfidh comhlachtaí Stáit Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú chun tuairim neamhspleách a thabhairt maidir le córais riosca agus bainistíocht riosca.

**Mórathruithe Pearsanra**

Chuaigh triúir comhaltaí Boird ar scor le linn na bliana ag deireadh a gceapachán. I gcomhréir le [Ainm an Achta] cheap an tAire triúir comhaltaí nua.

D'éirigh an Príomhoifigeach Airgeadais (POA), John Doe, Uasal, as a ról, le héifeacht ón 12 Bealtaine 2017. Ceapadh Amy O'Reilly, Uasal, ina POA le héifeacht ón 15 Bealtaine 2017.

**Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil [Ainm an chomhlachta Stáit] tar éis ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2017 a chomhlíonadh. Éilítear leis an gCód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

***Miondealú ar Shochair Ghearrthéarma Fostaithe***

Rangaítear sochair ghearrthéarma fostaithe atá de bhreis ar €60,000 sna bandaí seo a leanas:

| Réimse | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2017** | **2016** |
| €60,000 | €69,999 | 368 | 316 |
| €70,000 | €79,999 | 210 | 202 |
| €80,000 | €89,999 | 124 | 128 |
| €90,000 | €99,999 | 32 | 30 |
| €100,000 | €109,999 | - | - |
| €110,000 | €119,999 | 14 | 15 |
| €120,000 | €129,999 | 7 | 8 |
| €130,000 - €139,999 | | 2 | - |
| €140,000 | €149,999 | - | - |
| €150,000 - €159,999 | | - | - |
| €160,000 - €169,999 | | 1 | 1 |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear leis na sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal; ragobair; liúntais agus íocaíochtaí eile a ndearnadh thar ceann na bhfostaithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

17 Is féidir teacht ar na ceanglais um nochtadh maidir leis na réimsí sin faoin gCód sa Chód Cleachtais (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais) 1.3-1.5.

### *Costais Sainchomhairleoireachta*

Áirítear sna costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle seachtrach agus ní áirítear iontu feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 600,000 | 400,000 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | 90,000 | 90,000 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | 15,000 | 5,000 |
| Acmhainní Daonna | 10,000 | 30,000 |
| Feabhsúchán gnó | 90,000 | 2,000 |
| Eile | 15,000 | 20,000 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlán** | **820,000** | **547,000** |
| | | |
| Costais sainchomhairleoireachta caipitlithe | 300,000 | 250,000 |
| Costais sainchomhairleoireachta a muirearaíodh don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 520,000 | 297,000 |
| **Iomlán** | **820,000** | **547,000** |

### *Costais agus Socrúcháin Dlí*

Leagtar amach sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socrúcháin agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ginearálta arna fháil ag [Ainm an chomhlachta Stáit] agus a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | 350,000 | 400,000 |
| Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána | 100,000 | 80,000 |
| Socrúcháin | 600,000 | 800,000 |
| **Iomlán** | **1,050,000** | **1,280,000** |

Áirítear leis na costais dlí seo méid airgid €62,500 maidir le cúrsaí leanúnacha a bhaineann le [*Ainm an chomhlachta Stáit*].

### *Caiteachas Taistil agus Cothabhála*

Rangaítear costais taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| - Bord* | 8,634 | 7,167 |
| - Fostaithe | 26,366 | 24,833 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord* | - | 1,000 |
| - Fostaithe | 6,000 | 7,000 |
| **Iomlán** | **41,000** | **40,000** |

* áirítear costais taistil agus cothabhála €6,634 íoctha go díreach do na comhaltaí Boird in 2017 (2016: €6,167) Baineann an t-iarmhéid €2,000 (2016: €1,000) le caiteachas a d'íoc (eintiteas) thar ceann na gcomhaltaí Boird.

### *Caiteachas ar Fháilteachas*

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas foirne | 2,700 | 2,300 |
| Fáilteachas cliaint | 1,100 | 2,800 |
| **Iomlán** | **3,800** | **5,100** |

## *Ráiteas faoi Chomhlíonadh*

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar an Cód a chomhlíonadh. Bhí [*Ainm an chomhlachta Stáit*] i gcomhréir iomlán leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2017.

**Nó**

I gcás nach bhfuil an comhlacht Stáit tar éis ceanglais uile an Chóid a chomhlíonadh, ba cheart é sin a lua san fhormáid seo a leanas:

Tá [*Ainm an chomhlachta Stáit*] tar éis ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2017 a chomhlíonadh, taobh amuigh de na heisceachtaí seo a leanas:

[Sonraí na heisceachta, e.g. Ní nochtann *[Ainm an chomhlachta Stáit]* sonraí maidir le sochair ghearrthéarma fostaithe atá os cionn €60,000 i mbandaí €10,000 mar a éilítear faoin gcód de bharr íogaireachta tráchtála na faisnéise sin. Tá an t-imeacht sin ón gCód comhaontaithe le [*Ainm na Roinne*].

# 3. Luach Saothair

## 3.1 Nochtuithe Breise a bhaineann le Luach Saothair

De ghnáth, is luach saothair an gné is mó caiteachais i gcomhthéacs comhlachtaí Stáit agus mar sin, cuireann an pobal níos mó suime ann ná mar a chuirtear i ngnéithe eile. Dá bharr sin, tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí Stáit a bheith chomh oscailte agus trédhearcach agus is féidir, gan cearta fostaithe a chur i mbaol. Le hAlt 1.4 den Chód (Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais), ceanglaítear ar chomhlachtaí Stáit faisnéis áirithe a nochtadh i ndáil le luach saothair fostaithe.

Is é is cuspóir leis an nochtadh ná faisnéis a sholáthar maidir le luach saothair i gcomhlachtaí Stáit, i dtéarmaí iomlán an chaiteachais tabhaithe ag an gcomhlacht Stáit agus socruithe maidir le luach saothair na bpríomhbhall foirne lena n-áirítear an POF agus príomhfhoireann bainistíochta eile.

Úsáideann na treoirlínte seo téarmaíocht FRS102 chun nochtuithe sonracha a shainmhíniú. Aithnítear go bhféadfadh sé tarlú go bhfuil ráitis airgeadais á n-ullmhú ag comhlachtaí stáit faoi chreat nach creat FRS102 é (e.g. Acht na gCuideachtaí) agus a d'fhéadfadh sainmhínithe eile a úsáid. Sna cásanna sin, baineann na nithe seo a leanas:

- I gcás go bhfuil difríocht idir ceanglais an Chód maidir le nochtadh (mar a shainmhínítear iad faoi FR102) agus nochtuithe forordaithe maidir le creat reachtaíochta/cuntasaíochta comhlachtaí Stáit iomchuí, foráiltear sa Chód gurb iad na forálacha reachtaíochta atá i réim. De réir réamhrá an Chóid, "*ba cheart an Cód seo a léamh in éineacht leis na forálacha reachtaíochta a rialaíonn an comhlacht Stáit. I gcás forálacha reachtacha atá ann cheana agus a bhaineann le comhlacht Stáit i ndáil le cúrsaí a leagtar amach sa Chód seo freisin, baineann na forálacha sin fós, agus chun amhras a sheachaint, i gcás gur ann do choimhlint nó neamhréireacht, is iad na forálacha reachtaíochta atá i réim.*

  Mar sin, má cheanglaítear ar an gcomhlacht Stáit (faoina chreat) nochtuithe maidir le luach saothair a dhéanamh chun na ceanglais a leagtar amach thuas a chomhlíonadh (pá iomlán, príomhfhoireann bainistíochta agus POF) ach go bhfuil difear ann idir na sainmhínithe sin agus na sainmhínithe FRS102 a leagtar amach thíos, meastar go bhfuiltear tar éis na nochtuithe sa Chód maidir le luach saothair a chomhlíonadh.
- Mura bhfuil gné luacha saothair sonraithe i gcreat cuntasaíochta an chomhlachta Stáit mar a éilítear faoin gCód e.g. pá iomlán, príomhfhoireann bainistíochta agus sochair foirceanta, ba cheart an nochtadh riachtanach a áireamh mar a shainmhínítear thíos. De rogha air sin, i gcás nach ndéantar nochtadh, ba cheart é sin a lua faoin bprionsabal "Géill nó Mínigh".

### *Sochair Fostaithe*

Áirítear i measc sochar fostaithe gach cineál comaoine a thugann comhlacht Stáit dá bhfostaithe (lena n-áirítear stiúrthóirí agus lucht bainistíochta) mar mhalairt ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil don chomhlacht Stáit. Áirítear i measc sochar fostaithe, mar a shainmhínítear iad in FRS102, sochair ghearrthéarma, sochair foirceanta, sochair iarfhostaíochta, sochair eile fadtéarmacha agus idirbhearta íocaíochta sciarbhunaithe. Déantar tuilleadh sainmhínithe ar na catagóir sin thíos.

| Catagóir | Cad a áirítear |
|---|---|
| Sochair ghearrthéarma — sochair a tuilleadh sa tréimhse tuairiscithe agus a cheaptar a bheidh socruithe go hiomlán laistigh de 12 mhí de dheireadh na tréimhse | • Tuarastal<br>• Ragobair<br>• Liúntais<br>• árachas sláinte nó saoil[18]<br>• neamhláithreacht chúitithe charnach (saoire bhliantúil nach tógadh)<br>• Bónas gearrthéarmach nó pleananna maidir le brabús a roinnt<br>• Sochair neamh-airgeadaíochta e.g. tithíocht, gluaisteáin agus earraí agus seirbhísí saor in aisce nó fóirdheonaithe a soláthraíodh d'fhostaithe<br>• ÁSPC an Fhostóra |
| Sochair foirceanta — curtha ar fáil mar mhalairt ar fhoirceannadh fostaíochta fostaí mar thoradh ar ceachtar den dá rud seo a leanas:<br>• cinneadh eintitis chun fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir, nó<br>• cinneadh eintitis chun iomarcaíocht dheonach a ghlacadh mar mhalairt ar na sochair sin. | • Nochtuithe i gcás inar mó luach comhiomlán na sochar foirceannadh sa tréimhse tuairiscithe ná €10,000. |
| Sochair iarfhostaíochta — sochair fostaithe iníoctha i ndiaidh fostaíocht a chur i gcrích (taobh amuigh d'íocaíochtaí foirceannadh agus sochair ghearrthéarma). | • Sochair scoir amhail pinsin (féach an nóta thíos maidir le luach sochar scoir a áireamh).<br>• Áirítear i measc sochar iarfhostaíochta eile árachas saoil nó árachas sláinte iarfhostaíochta. |
| Sochair fadtéarmacha eile — sochair a cheaptar a bheidh socraithe laistigh de 12 mhí den tréimhse tuairiscithe. | • Sochair nach rangaítear mar shochair gearrthéarma, íocaíochtaí foirceannta nó sochair iarfhostaíochta.<br>• Féadfaidh a áireamh i measc na samplaí pleananna dreasachta fadtéarmacha, íocaíochtaí cothrom lae nó íocaíochtaí míchumais fadtéarmacha. |
| Socruithe íocaíochta sciarbhunaithe | Socruithe idir comhlacht Stáit agus fostaí lena dtugtar teideal don fhostaí ceachtar den dá rud seo a leanas a fháil mar mhalairt ar sheirbhísí fostaí:<br>• scaireanna/scair-roghanna i gcothromas an chomhlachta stáit, nó<br>• íocaíochtaí airgid ag méid atá bunaithe ar luach na scaireanna/scair-roghanna seo. |

Éilítear faoin gCód nochtuithe sonracha maidir le socruithe luacha saothair mar a leagtar amach iad sa tábla seo a leanas. Leagtar amach tuilleadh treorach maidir leis na nochtuithe seo sa tábla thíos.

[18] Ní áirítear leis sin cásanna ina ndéanann comhlachtaí Stáit íocaíochtaí a asbhaint ó shochair fostaí agus iad a íoc do thríú páirtithe, gan cur leis na hasbhaintí sin. I gcás mar sin, níl á dhéanamh ag an bhfostóir ach íocaíocht ar aghaidh méideanna iomchuí a éascú thar ceann an fhostaí.

| | Sochair ghearr-théarma | Socair Foirceanta | Sochair Iar-fhostaíochta | Eile |
|---|---|---|---|---|
| Sochair Fostaithe Comhiomlána | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Socair Foirceanta | | ✔ | | |
| Príomhfhoireann bainistíochta | ✔ (gan ÁSPC an fhostóra a áireamh) | ✔ | ✔ | ✔ |
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | ✔ (gan ÁSPC an fhostóra a áireamh) | ✔ | ✔ | ✔ |

### *Sochair Fostaithe Comhiomlána*

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit sochair fostaithe comhiomlán don tréimhse airgeadais a nochtadh, roinnte idir:

- sochair ghearrthéarma - le miondealú idir tuarastal, ragobair, liúntais, ÁSPC an fhostóra agus aon sochair ghearrthéarma eile,
- Socair foirceanta,
- Sochair Iarfhostaíochta, agus
- Sochair fadtéarmacha eile agus socruithe íocaíochta sciarbhunaithe.

Ba cheart go nochtar sa nóta freisin líon na mball foirne ag deireadh na bliana ar bhonn coibhéise lánaimseartha.[19]

### *Íocaíochtaí/Sochair Foirceanta agus Téarfa*

Sainmhínítear socair foirceanta mar mhéideanna arna gcur ar fáil mar mhalairt ar fhoirceannadh fostaíochta roimh an ngnáthdháta scoir nó de bharr socruithe iomarcaíochta.

Éilítear nochtadh faoin gCód i gcás inar mó costas comhiomlán (don Stát) na sochar foirceanta ná €10,000. Ba cheart go n-áirítear leis na sochair foirceanta:

- íocaíochtaí téarfa/foirceanta, agus
- an luach a chuirtear i leith socruithe feabhsaithe pinsin (blianta breise a dheonú chun críocha pinsin nó scor luath gan an gnáth-ísliú achtúireach a bheith i gceist).

Ní áirítear le híocaíochtaí téarfa agus foirceanta cnapshuimeanna pinsin a íoctar i gcomhréir le gnáthchaighdeáin phinsean na hearnála poiblí, nó íocaíochtaí i leith saoire bhliantúil nár tógadh.

Ba cheart go dtugtar mar chuid den nochtadh an costas comhiomlán (don Stáit) agus líon na gcásanna a bhaineann leis an mbliain airgeadais. Ba cheart go dtugtar mar chuid den nochtadh sonraí na gcostas dlí, más ann dóibh, a tabhaíodh i leith an tsocrú socraíochta a chur i gcrích. Ba cheart go mbeadh an nochtadh ina chuid den nóta maidir le luach saothair a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

19 Is éard atá i gceist le coibhéis lánaimseartha (CL) ná tomhas ar acmhainní foirne a chuireann socrúcháin oibre ar leithligh san áireamh. Tomhasann sé é sin trí líon na n-uaireanta conraithe a chur san áireamh faoi threoir líon iomlán na n-uaireanta oibre sa tréimhse. Sainmhínítear ball foirne a oibríonn ar bhonn leathama mar 0.5 CL.

Táthar ag súil nach dtiocfadh an ceanglas maidir le híocaíochta téarfa agus foirceanta (taobh amuigh de ghnáthshocruithe maidir le pinsean na hearnála poiblí) chun cinn ach go fíorannamh agus i gcúinsí teoranta, agus tagann socruithe uile mar sin faoi réir cheadú roimh ré na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I gcásanna áirithe, anuas ar íocaíocht socrúcháin/téarfa féadfaidh comhaontú foirceanta foráil a dhéanamh do shocruithe pinsin feabhsaithe amhail blianta breise seirbhíse chun críocha pinsin nó luathscor gan an gnáth-ísliú achtúireach a bheith i gceist. Ba cheart sonraí na gcásanna sin a áireamh sna ráitis airgeadais. Ba cheart go dtugtar tuairisc sa nochtadh ar chineál na bhfeabhsuithe agus ba cheart go dtugtar meastachán ar chostas (don Stát) na bhfeabhsuithe agus an bonn ar a ríomhtar an costas sin a lua.

***Luach na Sochar Pinsin Feabhsaithe a Ríomh***
Chun an luach a bhaineann leis an sochair pinsin feabhsuithe a ríomh, ba cheart go mbaineann na rudaí seo a leanas:

- I gcás go ndeonaítear blianta breise nó luathscor gan ísliú achtúireach, ba cheart na cásanna sin a tharchur chuig an Rannóg um Luach Saothair, Caidrimh Tionsclaíoch agus Pinsin de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena luacháil i gcomhréir leis an treoir achtúireach iomchuí. Nochtar an luach sin i nóta sna ráitis airgeadais agus cuirtear an luacháil i leith na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an-chosúil le luacháil réadmhaoine a fháil).
- I gcásanna eile is féidir le eintiteas luach na sochar pinsin feabhsaithe trí thagairt a dhéanamh don mhodheolaíocht agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun oibleagáidí iomlána sochair scoir an eintitis a ríomh (curtha san áireamh sna ráitis airgeadais). Is éard atá i luach na socruithe pinsin feabhsaithe ná an difear idir luach na n-oibleagáidí sochair scoir don duine sin trí na gnáthshocruithe pinsin a úsáid agus an luach a ríomhtar trí na socruithe feabhsaithe a úsáid. Nochtar é sin i nóta sna ráitis airgeadais mar aon le tuairisc a thabhairt ar an modheolaíocht a úsáideadh chun a luach a ríomh.
- Más rud é, ar chúis éigin, nach féidir le heintiteas aon cheann de den dá bhealach a leagtar amach thuas a chomhlíonadh, ba cheart go leagfaí amach sa nóta iomchuí tuairisc maidir le sonraí na bhfeabhsuithe a deonaíodh ar a laghad agus ba cheart a áireamh sa chuid "Géill nó Mínigh" den ráiteas rialachais an chúis nach ndearnadh luacháil ar na feabhsuithe pinsin.

### *Sochair Fostaithe na Príomhfhoirne Bainistíochta*
Faoi FRS102 is í an phríomhfhoireann bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear stiúrthóir ar bith (bíodh é sin stiúrthóir feidhmiúcháin nó stiúrthóir eile) den eintiteas sin.
Aithnítear sa Chód go bhfuil difear idir na struchtúir rialachais difriúla a bhaineann le comhlachtaí Stáit i gcomparáid le comhlachtaí nach comhlachtaí Stáit iad. In áit struchtúir Boird uaireanta, is éard a bhíonn ag comhlachtaí áirithe Stáit ná sealbhóir oifige aonair, binse, coimisiún nó comhlacht rialála.
Dá bharr sin, baineann éagsúlacht le ballraíocht na príomhfhoirne bainistíochta ar fud comhlachtaí Stáit. Mar aitheantas ar na struchtúir dhifriúla a bhaineann i gcomhlachtaí Stáit, moltar sa Chód go mbeifí ag súil go n-áirítear, ar a laghad, sna nochtuithe maidir leis an bpríomhfhoireann bainistíochta comhaltaí Boird, an POF agus sraith uachtair bainistíochta a thuairiscíonn don POF.

Ba cheart do chomhlachtaí Stáit an phríomhfhoireann bainistíochta a shainmhíniú mar a bhaineann sí lena gcúinsí ar leithligh agus an sainmhíniú sin a áireamh mar chuid den nochtadh sin.

Éilítear faoin gCód gur cheart sochair fostaithe na ndaoine sin a nochtadh ina n-iomláine, roinnte idir:

- sochair ghearrthéarma fostaithe (gan ÁSPC an fhostóra a áireamh),
- socair foirceanta,
- sochair iarfhostaíochta — (Féach an mhír thíos maidir le luach sochar luathscor). I gcás go bhfuil an phríomhfhoireann bainistíochta ina gcomhaltaí de scéim le ranníocaíochta sainithe, ba cheart luach na ranníocaíochtaí a rinneadh ar a son a nochtadh; más comhalta de scéim le sochar sainithe iad, ba cheart go n-áirítear sa nóta tuairisc ar a sochair scoir, ina ndéarfar gur comhaltaí de scéim pinsin an chomhlachta Stáit agus nach dtéann na teidlíochtaí pinsin níos faide ná samhail scéim pinsin na hearnála poiblí nó ba cheart a leagan amach na sochair scoir a bheidh acu, agus
- sochair fadtéarmacha eile agus aon socruithe íocaíochta sciarbhunaithe, más iomchuí.

### Luach Saothair agus Sochair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ba cheart go n-áirítear leis na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais sonraí shochair fostaithe iomlána an POF don tréimhse airgeadais. Ba cheart go n-áirítear leis an nóta sin na sochair uile san fhormáid chéanna agus an nochtadh maidir le príomhphearsanra bainistíochta (thuas), chomh maith le sochair ghearrthéarma (gan ÁSPC an fhostóra a áireamh), sochair foirceanta más iomchuí, sochair iarfhostaíochta, sochair fadtéarmacha eile agus socruithe íocaíochta sciarbhunaithe ar bith atá i gceist.

### Luach na Sochar Scoir

Rangaítear pleananna sochair scoir mar pleananna ranníocaíochtaí sainithe nó pleananna sochar sainithe.

- **Pleananna Ranníocaíochtaí Sainithe** – sa chás sin, is éard atá i gceist le luach na sochar scoir (a áirítear i leith na príomhfhoirne bainistíochta agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a chomhionann) ná méid na ranníocaíochtaí pinsin atá iníoctha ag comhlacht Stáit i leith an bhaill foirne sin.
- **Pleananna Sochar Sainithe** – déantar costas plean sochair shainithe a áirítear mar chaiteachas a chinneadh trí luacháil achtúireach a úsáid. De ghnáth, ní aithnítear ar leithligh luach an phinsin arna thuilleamh ag baill foirne aonair le linn na tréimhse tuairiscithe. Is gá nochtuithe maidir le sochair iarfhostaíochta a dhéanamh sna nochtuithe maidir le luach saothair na príomhfhoirne bainistíochta agus an phríomhoifigeach fheidhmiúcháin. Comhlíonfar an nochtadh sin tríd an tuairisc seo a leanas a chur san áireamh:

  (a) Is comhaltaí iad na fostaithe (***nó*** is comhalta é/í an fostaí) den scéim phinsin (ainmnithe) ar scéim le sochar sainithe í agus ní théann na teidlíochtaí pinsin níos faide ná téarmaí scéim pinsin na hearnála poiblí nó,

  (b) Is comhaltaí iad na fostaithe (***nó*** is comhalta é/í an fostaí) den scéim phinsin (ainmnithe) ar scéim le sochar sainithe í agus cuir príomhthéarmaí na scéime sin san áireamh.

## 3.2 Sampla de Nóta Luacha Saothair

### Luach Saothair

***(a) Sochair Fostaithe Comhiomlána***

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Sochair ghearrthéarma foirne | 52,110 | 47,214 |
| Socair Foirceanta | 140 | 0 |
| Costais sochair scoir | 5,143 | 5,028 |
| Ranníocaíocht an fhostóra i leith leasa shóisialaigh | 1,404 | 1,188 |
| | **58,797** | **53,430** |

Ba é 823 (2015: 766) líon iomlán na foirne fostaithe (CL) ag deireadh na bliana.

***(b) Sochair Ghearrthéarma Foirne***

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 41,198 | 38,305 |
| Ragobair | 7,625 | 6,545 |
| Liúntais | 3,287 | 2,364 |
| | **52,110** | **47,214** |

***(c) Socair Foirceanta***

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Socair foirceanta a muirearaíodh do I&E (nó a chomhionann) | 140 | 0 |
| | **140** | **0** |

Baineann na sochair foirceanta thuas le socrúcháin le 4 bhall foirne le linn na tréimhse tuairiscithe.

Anuas ar na híocaíochtaí a leagtar amach thuas, deonaíodh blianta breise do bheirt bhall foirne ar a bhfoirceannadh. Ba é €560,000 luach na socruithe pinsin feabhsuithe. Ba é an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a ríomh luach na socruithe pinsin feabhsuithe.

Tabhaíodh costais dlí €60,000 i leith na socrúcháin foirceanta a chur i gcrích.

### *(d) Príomhfhoireann Bainistíochta*

Áirítear i measc phríomhfhoireann bainistíochta[20] [*Ainm an chomhlachta Stáit*] comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Príomhoifigeach Oibríochta. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe i leith na príomhfhoirne bainistíochta:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Liúntais | 408,038 | 468,016 |
| Tuarastail | 8,000 | 5,000 |
| Socair foirceanta | 70,000 | 0 |
| Árachas sláinte | 3,000 | 2,800 |
| | 489,038 | 475,816 |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is comhaltaí de scéim pinsin [Ainm an chomhlachta Stáit] iad an phríomhfhoireann bainistíochta agus ní théann a dteidlíochtaí chuige sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin na hearnála poiblí.

### *(e) Luach Saothair agus Sochair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Is é seo a leanas pacáiste luacha saothair an POF don tréimhse airgeadais:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Bunphá | 149,388 | 148,166 |
| Sochar Comhchineál (carr cuideachta) | 12,650 | 12,650 |
| | 162,038 | 160,816 |

Is comhaltaí de scéim pinsin [Ainm an chomhlachta Stáit] iad an phríomhfhoireann bainistíochta agus ní théann a dteidlíochtaí chuige sin níos faide ná téarmaí scéim pinsin na hearnála poiblí. Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

[20] IAS 24 & FRS 102 33.7 Nochtfar eintiteas cúiteamh iomlán na príomhfhoirne bainistíochta. [Is í an phríomhfhoireann bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear stiúrthóir ar bith (bíodh é sin stiúrthóir feidhmiúcháin nó stiúrthóir eile) den eintiteas sin.] Tugtar treoir sa Chód maidir leis na leibhéil bainistíochta arb ionann iad agus príomhfhoireann bainistíochta i gcomhthéacs comhlachta Stáit.

Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean Uacht,
Baile Átha Cliath 2,
Éire.
D02 R583

Government Buildings,
Upper Merrion Street,
Dublin 2,
Éire: D02
R583

T: +353 1 676 7571
R: govacc@per.gov.ie